Seachtain na Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Sheachtain na Gaeilge agus stáisiún nua raidió atá á lainseáil. Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat ceangal na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

1. a station was launched	(a) ceiliúradh
2. celebration	(b) Coláiste na Tríonóide
3. permanent	(c) fógraíocht
4. officially	(d) idirnáisiúnta
5. Trinity College	(e) buan
6. advertising	(f) seoladh stáisiún
7. sponsorship	(g) fíorthábhachtach
8. internationally	(h) seans
9. paramount	(i) urraíocht
10. a chance	(j) go hoifigiúil

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f									

Ceist 3 Féach ar an tuairisc don dara huair. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

1.Tá comórtas á reáchtáil faoi láthair le hainm a roghnú do Raidió X. **Fíor/Bréagach**

2. Tá Raidió X ar fáil ar an idirlíon amháin faoi láthair. **Fíor/Bréagach**

3. Chuir seoladh Raidió X deireadh le Seachtain na Gaeilge. **Fíor/Bréagach**

4. Tá ocht dtír eile ag glacadh páirte san fhéile. **Fíor/Bréagach**

5. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi Sheachtain na Gaeilge ar www.raidiox.ie. **Fíor/Bréagach**

Ceist 4 ‘*an t-ainm ’* agus *‘ar an idirlíon’*

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Tá na focail thíos rannta ina dhá leath, focail bhaininscneacha agus focail fhirinscneacha . Leanaigí na samplaí agus cuirigí an fhoirm cheart de na focail sa tuiseal ainmneach agus sa tuiseal tabharthach.

	An Tuiseal Ainmneach	**An Tuiseal Tabharthach**
*ainm **f***	*an t-ainm*	*ar an ainm*
anlann		
uisce		
urlár		
idirlíon		
im		

	An Tuiseal Ainmneach	**An Tuiseal Tabharthach**
*áit **b***	*an áit*	*ar an áit*
iris		
aois		
urraíocht		
uaineoil		
otharlann		

Ceist 5 ‘*fíorthábhachtach*’

Cad is brí leis na réimíreanna seo a leanas:

an- rí fíor ró

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí na réimíreanna thuas roimh na focail seo a leanas:

maith
olc

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil mórán eolais agat faoi Sheachtain na Gaeilge?
An bhfuil aon rud ag tarlú i do cheantar féin le linn Sheachtain na Gaeilge?
An n-éisteann tú le Raidió na Gaeltachta?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	***a***	***e***	***j***	***b***	***c***	***i***	***d***	***g***	***h***

Ceist 3
1. Fíor
2. Fíor
3. Bréagach
4. Bréagach
5. Bréagach

Ceist 4

	An Tuiseal Ainmneach	**An Tuiseal Tabharthach**
*ainm **f***	*an t-ainm*	*ar an ainm*
anlann	an t-anlann	ar an anlann
uisce	an t-uisce	ar an uisce
urlár	an t-urlár	ar an urlár
idirlíon	an t-idirlíon	ar an idirlíon
im	an t-im	ar an im

	An Tuiseal Ainmneach	**An Tuiseal Tabharthach**
*áit **b***	*an áit*	*ar an áit*
iris	an iris	ar an iris
aois	an aois	ar an aois
urraíocht	an urraíocht	ar an urraíocht
uaineoil	an uaineoil	ar an uaineoil
otharlann	an otharlann	ag an otharlann

Ceist 5
an- = very
rí = exceptionally
fíor = truly
ró = too

an-mhaith, rímhaith, fíormhaith, rómhaith
an-olc, rí-olc, fíor-olc, ró-olc

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha
Cuireadh tús le Seachtain na Gaeilge inniu agus seoladh stáisiún nua raidió mar chuid den cheiliúradh. Raidió X an t-ainm atá ar an stáisiún faoi láthair atá le fáil ar an idirlíon. Tá comórtas tosaithe le hainm buan a roghnú, seo í Sorcha Ní Riada.

Sorcha Ní Riada
Ar an idirlíon amháin atá Raidió X ar fáil faoi láthair ag www.raidiox.ie. Seoladh an stáisiún go hoifigiúil i gColáiste na Tríonóide inniu agus tá siad siúd atá ina *bhun ag súil gur togra buan a bheidh ann.

Lisa Ní Choisdealbha, Cathaoirleach Raidió X
Le cúnamh Dé go fadtéarmach beidh dóthain airgid ag teacht isteach ó **fhógraíocht agus urraíocht á dhéanamh ar an stáisiún agus ar chláracha éagsúla a bheadh ar an stáisiún, em, ó anois go dtí deireadh na bliana is dócha beidh orainn teacht ar níos mó airgid ach go dtí seo tuigeann muid go bhfuil ***an tsuim ann.

Sorcha Ní Riada
Chuir an ócáid seo tús le Seachtain na Gaeilge nó b'fhéidir gur chóir coicís na Gaeilge a ghlaoch air i mbliana.

Duine 1
Bhuel is féile coicíse é anois faoi láthair, féile atá á reáchtáil againn thart timpeall na tíre seo agus go hidirnáisiúnta anois i mbliana freisin, le naoi dtír eile ar fud an domhain ag glacadh páirte.

Sorcha Ní Riada: Ach an bhfuil gá lena leithéid níos mó?

Duine 2
Oh tá cinnte yeah, mar tá an-suim ag daoine like sa Ghaeilge agus uaireanta níl aon bhealach acu chun é you know, níl na bealaí ann chun é, you know, cleachtadh, you know, agus Raidió X, you know sin rud nua, bealach iontach, gur iontach an rud é.

Duine 3
Tá sé fíorthábhachtach mar tá suim ag go leor daoine sa Ghaeilge ach níl mórán eolais acu faoi na rudaí éagsúla atá ar fáil trí mheán na Gaeilge agus sílim go gcuireann Seachtain na Gaeilge é sin chun solais.

Duine 4
Cinnte, ba cheart go mbeadh seachtain mar seo i gcónaí ann. Tá daoine ann a bhfuil Gaeilge acu agus ****atá ag iarraidh úsáid a bhaint as an Ghaeilge, ach sílim in amanna bíonn eagla orthu an Ghaeilge sin a labhairt. Agus, i rith Seachtain na Gaeilge, bíonn an seans acu an Ghaeilge sin a labhairt agus seans a gcuid Gaeilge a úsáid i measc daoine eile a bhfuil suim acu sa Ghaeilge chomh maith.

Is féidir tuilleadh eolais d'fháil faoi Sheachtain na Gaeilge ar www.snag.ie. Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

* *ina mbun* a deirtear
** *ó fógraíocht* a deirtear
*** *an suim* a deirtear
****a *bhfuil* a deirtear